

*Crann cnó capaill san Earrach*

## Fíricí maidir le Coillearnach Campais UCD


- 25,000 crann i 1996
- Níos mó ná 50,000 crann in 2011
- 75 speiceas difriúil
- Níos mó ná 15,000 crann fásta/leathfhásta
- 9 heicteár den champas faoi choillearnach
- 8km de chosáin choillearnaí

## Ag Cur anois don Todhchaí

Tá limistéir nua coillearnaí á chur ar an gcampas gach bliain ó 1998. Nuair ab fhéidir, cuireadh speicis i ngach suíomh a bhí ag teacht leis na cinn a cuireadh ann an chéad lá riamh, tráth arbh eastáit phríobháideacha a bhí sa talamh. Tá timpeall ar 25,000 crann curtha, rud a mhéadaíonn achar iomlán an champais atá faoi choillearnach ó 5.6 heicteár go dtí beagnach 9 heicteár. Tá sé i gceist leanúint ag cur leis an gcoillearnach ar an gcampas sna blianta amach romhainn le mbeidh na crainn seo ann go ceann 100 go 200 bliain.

## Moltaí Úsáideacha

- Fán ar an gcosán i limistéir choillearnaí
- Tá cupán caife le fáil i go leor áiteanna ar an gcampas
- Tóg roinnt ama chun cuairt a thabhairt ar chodanna nua agus spéisiúla den champas agus bí ag faire amach do shaothair ealaíne agus do dhealbha ar an mbealach
- Foghlaim tuilleadh faoin gClár Caomhnaithe do Thithe Seanré i UCD (www.ucd.ie/campusdevelopment)
- Cur glaoch ar Sheomra Chéad-Fhreagartha UCD ag 01 7167999
- Coinnigh do mhadra ar iall i gconaí agus glan suas ina dhiaidh




## Crainn Shuntasacha ar an gCampas

Tá go leor crann suntasach ar an gcampas a bhfuil cáil orthu de bharr a gcuid áilleachta, go háirithe Coill Belfield (suite in aice le Teach Belfield), Coill Ascaill Foster (suite idir Teach Merville agus taobh le hAscaill Foster), agus Siúlán na Darach (atá ag síneadh ó chúl Lárionad Eolaíochtaí Tréidliachta UCD go dtí cúl Institiúid Mhic Con Mí, UCD). Tá roinnt de na crainn seo léirithe ar an léarscáil.

Chomh maith leis na crainn seo, tá go leor crann annamh agus andúchasach suite in áiteanna gar do ghairdíní agus do thailte na n-iar-thithe eastáit ar nós Teach Belfield, agus taobh le Siúlán Chnocán na Rós idir Naíolann Chnocán Darach UCD agus Crannlann Belfield.

## Rannpháirtithe

An Dr Mary Forrest, Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD; Damian Egan, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD; Billy Clarke, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD; Ciaran Beattie, Foirgnimh agus Seirbhísí UCD, Eanna Kealey, Foirgnimh agus Seirbhísí UCD; agus Seirbhísí Meáin UCD.

arna táirgeadh ag caidrimh ollscoile ucd, © cóipcheart aibreán 2011.

**Chun tuilleadh eolais a fháil téigh chuig:**
**www.ucd.ie/campusdevelopment/woodlandwalks**




## Siúlóidí Coillearnaí UCD

Ó na 1930idí, nuair a bunaíodh campas an Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath i mBelfield, ceannaíodh cuid de na heastáit agus na tithe seanré is breátha i mBaile Átha Cliath, cuireadh áis thábhachtach ar fáil do mhic léinn, don fhoireann oibre agus don phobal aitiúil. Tá cáil ar pháirceanna agus thírdhreachú aibí UCD. Anois tá os cionn 8km de chosáin choillearnaí bunaithe agus forbraíodh sraith siúlóidí chun an campas álainn 133 heicteár seo a oscailt do phobal níos leithne.


Tá a saintréithe féin ag baint le gach siúlóid. Taobh leis na cosáin lúbacha, feicfidh siúlóirí roinnt mhaith crann a cuireadh san 18ú haois agus ag tús na 19ú aoise, a chuireann leis na limistéir nua choillearnaí a cuireadh mar chuid de chlár UCD chun éagsúlacht éiceolaíochta an champais a chothabháil agus a fheabhsú ar mhaithe le gach duine.



*Créachtach gar do bhogach Radharc na Coille*



*Cuid de Shiúlán na Darach a forbraíodh mar thionscadal mílaoise*



## Rogha Cúig Shiúlóid

●●● **Siúlóid na Mílaoise – 3.2km, fad ama 35-40 nóiméad**

Bealach lúbach de líne dhúbailte crann darach atá sa tsiúlóid seo, a shíneann ó Bhabhla UCD go dtí cúl Ionad na nEolaíochtaí Tréidliachta UCD, agus cuimsíonn sé Ceantar Newstead UCD, na lochanna agus an móinéar fiáin ag Radharc na Coille. Is iomaí díol spéise eiceolaíochta atá le feiceáil ar an tsiúlóid seo, mar shampla lochán agus cisil scagtha, roschoill péine agus móinéar bláthanna fiáine. Is gnáthóg luachmhar an áit seo anois don fhiadhúlra agus tá raon leathan bithéagsúlachta inti. Is féidir cuairt a thabhairt ar Shiúlán na Fuinseoige, Shiúlán an Phlána agus ar Gharrán na Silíní ón gcosán seo.

✶✶✶ **Siúlóid Chnocán na Rós – 1.8km, fad ama 20-25 nóiméad**

Tosaíonn agus críochnaíonn an tsiúlóid seo ag Lárionad Spóirt UCD. Nascann sé Túr Uisce UCD, Cnocán na Rós (Stáisiún Taighde Comhshaoil UCD), Naíolann Chnocán Darach UCD, an Chrannlann, agus Ionad Léinn Scannánaíochta Uí Chatháin UCD lena n-áirítear Maighneadach. Is músaem beo é an Chrannlann a bhfuil go leor crann annamh agus neamhghnách ó chomh fada siar le heastát bunaidh Chnocán na Rós. Leanann an ollscoil de bheith ag cur crann taispeántais agus tá móinéar coillearnaí forbartha acu sa cheantar seo. Tá Siúlán na Beithe ag síneadh leis an Réadlann Mhaighneadach.

◆◆◆ **Siúlóid Belfield – 2.4km, fad ama 30-35 nóiméad**

Ag cuimsiú an chuid acadúil don champas, tosaíonn an tsiúlóid seo ag an mbealach isteach chuig Leabharlann James Joyce agus déanann sí nasc glas idir croílár champas Belfield agus imeall coillearnaí na n-iar-eastát. Téann an tsiúlóid seo thar Halla Uí Raghallaigh agus an loch ina bhfuil líon speiceas fiadhúlra ina measc ealaí, lachain, éisc agus raon fiadhúlra uisceach eile le fáil. Tá Siúlán an Leamháin agus Garrán an Ghallchnó ar an gcosán seo freisin.

▼▼▼ **Siúlóid Ghleann na Mine – 1.9km, fad ama 20-25 nóiméad**

Nascann an tsiúlóid seo 3.6 heicteár de choillearnach seanbhunaithe ar an gcampas, lena n-áirítear Coill Belfield a ritheann le taobh Teach Belfield, Coill Merville atá suite taobh le Teach Merville (NovaUCD), agus Coill Ascaill Foster. Tá an ascaill ar a bhfuil crainn chuig Teach Merville (teach mór tuaithe dhá stór ar stíl Sheoirseach) ar an gcosán seo, chomh maith le Siúlán na Teile.

▬ ▬ ▬ **Siúlóid na Coillearnaí Teorann – 6.2km, fad ama 60-70 nóiméad**

Siúlóid a dhéanann ceangal idir na siúlóidí eile, téann Siúlóid na Coillearnaí Teorann atá 6.2km ar fhad timpeall ar imeall an champais chun cosán a chruthú ag nascadh na gceantar coillearnaí nua-fhorbartha agus na gcinn a bhí ann cheana le tírdhreach níos leithne an champais. Ag tosú ag bealach isteach an N11, leiríonn an tsiúlóid seo cuid de sheoda an champais, cosúil leis an móinéar bláthanna fiáine agus na lochanna ag Radharc na Coille, an Chrannlann, bailiúchán dealbhóireachta UCD atá ag meadú, réimse éagsúil fiadhúlra, agus go leor de na tithe seanré bunaidh.

## Crainn agus Coillearnach

Bunaíodh an campas ar shraith eastát uirbeach agus tá go leor crann agus coillearnaí ón 18ú haois agus ó thús na 19ú haoise ann go fóill. Ar na háiteanna is mó a bhfuil coillearnach eastáit le feiceáil tá Ascaill Foster, taobh le hÁrais Chónaithe Ghleann na Míne, timpeall ar Naíolann Chnocán Darach UCD agus ar Bhóthar Stigh Lorgan. Cuireadh crainn ornáideacha ag na hÁrais Chónaithe ag Teach Merville, Teach Belfield, Caisleán an Ruabhoic agus Richview.

Ag deireadh na 18ú aoise, bhí buaircínigh ornáideacha i bhfaisean agus tá bailiúchán dá leithéid, lena n-áirítear Céadar Crón Iartharach, Crónghiúis Mhór, Cufróg Sawara agus Cufróg Monterey fós le fáil taobh le Teach na hAirde Móire. Tá crainn teile aibí, a bhí mar chuid de theorainn an eastáit i dtús báire, ag síneadh le taobh an bhóthair ón mbealach isteach ar Bhóthar Stigh Lorgan chuig Árais Daedalus. Tá crainn bhreátha eile teile os comhair Scoil Ghnó Uí Chuinn agus tá crainn a cuireadh le gairid ag síneadh le taobh an fhoirgnimh.

Cuireadh crainn fad a bhíothú ag forbairt na hollscoile sna 1960idí agus sna 1970idí agus chuir sin níos mó béime ar úsáid a bhaint as an gcampas ar feadh na bliana. Bíonn Silíní le bláthanna bándearga, Beallaí le bláthanna buí agus Crann Cnó Capaill le bláthanna bána le feiceáil san Aibreán agus sa Bhealtaine. Bíonn crainn le duilleoga corcra, mar shampla Mailp Lochlannach, Feá Rua agus Pluma Corcra go hálainn sa Samhradh agus bíonn siad le feiceáil le taobh Halla Uí Raghallaigh agus ar an gcosán chuig bealach isteach an N11.



*Meantán earrfhada ar an gcampas*

Bíonn Piorra Silte le duilleoga liath a bhfuil cruth cruinneachánach orthu, le feiceáil le taobh Halla Uí Raghallaigh agus tá siad le feiceáil i roinnt mhaith grianghraf bronnta céimeanna. Bíonn dath álainn órga agus oráiste ar an tSaileach Shilte, ar an bhFeá agus ar an Mailp Sheapánach le taobh an locha san Fhómhar. Bíonn an Bheith agus an Mhailp Coirte Páipéir an-fheiceáileach le taobh Teach Merville sa Gheimhreadh.

Tá an t-achar mór de chrainn Plána Londan atá curtha os comhair na bialainne agus ar Shiúlán na Darach, mar chuid de thionscadal mílaoise, reasúnta óg agus beidh siad mar chuid den champas do na glúine atá le teacht.

Le blianta beaga anuas, tá cuid mhór den choillearnach teorann méadaithe agus crainn choillearnaí dhúchasacha mar an Bheith, Fearnóg, Dair agus Saileach curtha ann. Tá a leithéid curtha freisin idir Árais Chónaithe Merville agus Gleann na Míne agus taobh le Naíolann UCD.

Cibé acu an coillearnach ag Ascaill Foster, an Crann Cnó Capaill ársa lena chuid géaga móra ag síneadh i dtreo na talún nó an crann péine a sheasann leis féin le taobh Áras Daedulus, is cuid lárnach de champas Belfield iad na crainn.

## Éin agus Feithidí

Is ionann an choillearnach, na bogaigh, na móinéir bhláthanna fiáine agus na ceantair féir gearrtha ar fud an champais is gnathóga d'éin, do mhamaigh, d'fheithidí agus d'fhiadhúlra eile. Déanann formhór na n-éan coillearnaí coiteann pórú ar an gcampas.

Ar Shiúlóid na Coillearnaí Teorann bíonn radharc le fáil ar chuid de na héin nach mbíonn le feiceáil go héasca i ngairdín, mar shampla an Spioróg, an Colm Gorm, an Meantán Earrfhada, an Cíorbhuí, an Ceolaire Sailí, an Tiuf-Teaf, an Snag agus an Corcrán Coille, agus tagann an Síodeiteach, an Siscín agus an Breacán ar cuairt sa gheimhreadh uaireanta. Baineann na feilecáin Gormán Cuilinn, Barr Buí, Breacfhéileacán Coille, Ruán Beag agus Péacóg leas as an éagsúlacht plandaí atá le fáil i gcoillearnach agus i móinéir bhláthanna fiáine an champais, rud a dhéanann go leor beach fhiáin freisin. Bíonn riachtanais bheatha sách sonracha ag roinnt de na feithidí sin ó thaobh plandaí. Cuireann na móinéir bhláthanna fiáine bia ar fáil don Cholm Coille agus do Ghlasáin freisin, leithéid an Lasair Choille, Glasán Darach agus do Ghleoiseacha.

Tá éagsúlacht mhór fiadhúlra ar na lochanna agus ar na bogaigh ar an gcampas. Is féidir éin uisce coiteanna, mar an Eala Bhalbh, an Mallard agus an Lacha Bhadánach, chomh maith leis an gCearc Uisce, an Sléibhín agus an Ghlasóg Shráide, a fheiceáil ar uisce oscailte. Féadann éin mar an




*Bánóg uaine ag ithe ar an gcampas*

Chorr Réisc, an Praslacha, an Cruidín agus an Rálóg Uisce a bheith ann, go háirithe sa Gheimhreadh. Feictear an tSnáithaid Mhór freisin agus uaireanta déanann an tSnáithaid Mhór Seabhcaí an phortaigh pórú ar an gcampas.

Meallann na páirceanna imeartha lapairí cósta sa Gheimhreadh, mar shampla an Crotach agus an Roilleach, áit a bhfaigheann siad beatha. Bíonn Sacáin agus Deargáin Sneachta le feiceáil chomh maith. Tagann éin eile ina n-áit siúd san Earrach, mar an Lon Dubh, an Smólach Ceoil agus an Liatráisc, chun pórú a dhéanamh agus chun péisteanna a bhailiú leis na héin óga a chothú.

*Spioróg ar an gcampas*






## Crainn Shuntasacha ar an gCampas

| *Eochair* | *Gnáthainm* | *Ainm Laidine* | *Tuairisc ghearr* |
|---|---|---|---|
| 1 | Cufróg Nootka | *Chamaecyparis nootkatensis* | Crann breá taispeántais. Féach na géaga galánta a bhíonn ag luasach i mbarr. |
| 2 | Mórghiúis Dhúdach | *Sequoiadendron Giganteum* | Aithnítear an Mhórghiúis Dhúdach mar an crann is mó ar domhan agus maireann roinnt acu ar feadh na céadta bliain. Ceann sách óg atá anseo i UCD. |
| 3 | Searbhdhair | *Quercus Cerris* | Dair mhór a bhfuil duilleog álainn air. |
| 4 | Péine Loblolly | *Pinus taeda* | An Péine Loblolly crann stáit Arkansas agus ba é an tUachtarán Bill Clinton a chuir an ceann seo, tráth ar thug sé cuairt ar Institiúid Clinton an Léinn Mheiriceánaigh an 30 Meán Fómhair 2010. |
| 5 | Ilex Altaclarensis Hodginsii | *Ilex Altaclarensis Hodginsii* | Cineál cuilinn as Plandlann Hodgins, Baile Uí Dhonneagáin, Co. Chill Mhantáin go deireanach san 18ú hAois |
| 6 | Péine Albanach | *Pinus Sylvestris* | Lonnaithe i gCoill Belfield, is é seo an sampla is fearr de líon beag den Phéine Albanach ar an gcampas. Agus tú ag teacht air, tóg t-am agus féach an coirt álainn oráiste ar a bharr. |
| 7 | Mailp | *Acer Campestre* | Speiceas a bhfuil cáil air mar gheall ar an duilleog thar a bheith beag atá air. Cinn mhóra atá sa ghrúpa crann seo. |
| 8 | Crann an Luis Mhóir | *Paulowina Tomentosa* | Tugtar Crann an Bhanimpire nó Crann an Bhanphrionsa air chomh maith, tá cáil ar an ngrúpa seo de chrainn neamhghnácha ag cúl Theach Merville mar gheall ar a gcuid bláthanna tarraingteacha. |
| 9 | Plána Oirthearach | *Platanus Orientalis* | Crann mór duillsilteach a bhfuil cáil air mar gheall ar a fhaide is a mhaireann sé agus ar an tslí a leathann an barr amach. Meastar go bhfuil an crann seo níos mó ná 200 bliain d'aois agus tá sé ar cheann de na cinn is iontaí san ollscoil. |
| 10 | Crann Líomaí Coiteann | *Tilla x Europaea* | Meastar go bhfuil an crann seo thart ar 200 bliain d'aois, agus is sampla iontach é an crann seo de chrann teile. |
| 11 | Dair Thoilm | *Quercus Ilex* | Tá an crann seo ar cheann de na crainn taispeántais annamha agus andúchasacha i gCrannlann UCD, crann a dtugtar Dair Chuilinn air freisin. Crann as réigiún na Meánmhara é. |
| 12 | Céadar Dé | *Cedrus Deodra* | Sampla maorga, a bhfuil bail an-mhaith air. |
| 13 | Cufróg Monteray Silte | *Cedrus Macrocarpa Pendula* | 'An Mac Silte' a thugtar air go háitiúil, is de bhunadh Ghleann Chormaic, Co. Chill Mhantáin é an crann Éireannach annamh seo, agus níl ach cúpla ceann in Éirinn, go bhfios dúinn. |
| 14 | Dair Bhreacnaithe | *Quercus Variegata* | Meastar go bhfuil an crann fíor-annamh seo idir 150 – 200 bliain d'aois. |
| 15 | Céadar Dé | *Cedrus Deodara* | Cuireann an crann iontach seo slacht ar chlós Fhoirgneamh Newstead. |
| 16 | Dair | *Quercus Robur* | Dair Éireannach dhúchasach mhór ag an mbealach isteach ag Siúlán na Darach. |
| 17 | Fuinseog Shilte | *Fraxinus Excelsior Pendula* | Tá an tseoid seo suite in aice na 'lochanna ceilte' áille ag Teach Radharc na Coille. |
| 18 | Teile Mhionduilleach | *Tilla Cordata* | Suite in aice an mhóinéir bhláthanna fiáine a ndéantar bainistiú éiceolaíoch air, tá an teile seo mar chuid den tírdhreach bunaidh a cuireadh ag Teach Radharc na Coille. |
| 19 | Crann Cnó Capaill | *Aesculus Hippocastanum* | Is cuid de na 'Lochanna Ceilte' é an crann mór álainn seo a mheastar atá thart ar 200 bliain d'aois. |
| 20 | Feá Rua | *Fagus Sylvatica Purpurea* | Tá an sampla iontach seo ar cheann den bheagán Feánna aibí móra ar an gcampas. |